



# FOLÚNTAIS DO MHÍ MHEÁN FÓMHAIR 2019

## Gaelcholáiste Dhoire

### Caisleán Dhún Geimhin, Dún Geimhin, Co Dhoire

Is meánscoil lán-Ghaeilge é Gaelcholáiste Dhoire atá ar tí an cúigiú hiontógáil daltaí a ghlacadh isteach i Meán Fómhair 2019. Tá múinteoir sinsearach agus ceathrar múinteoirí á lorg ag Gaelcholáiste Dhoire le bheith mar chuid d'fhoireann dhíograiseach, dhinimiciúil agus spreagúil.

**Múinteoir Sinsearach (Lánaimseartha)** *Ceapachán bliana, le féidearthacht go ndéanfaí buan é, 3 phointe bainistíochta (bheadh Gaelcholáiste Dhoire toilteanach seo a phlé bunaithe ar thuarastal reatha an iarratasóra)*

*Critéir riachtanacha:*

- Cáilithe mar mhúinteoir agus cláraithe le Comhairle Ghinearálta Teagaisc Thuaisceart na hÉireann (GTCNI) faoin am a dtosófaí sa phost
- Ardchaighdeán Gaeilge labhartha agus scríofa
- In ann, trí cháilíocht nó trí thaithí chuí, dhá ábhar ar a laghad a theagasc ag Eochairchéim 4
- Taithí ar bhainistíocht an churaclaim nó an tréadchúraim ar leibhéal uile-scoile

*Critéir inmhianaithe:*

- Taithí ar ábhar a theagasc ag EC5
- Taithí ag teagasc i scoil tumoideachais
- Taithí ag déanamh soláthair do shainriachtanais oideachais
- Cáilíocht iarchéime san oideachas - PQH, Máistreacht nó a mhacasamhail

Bheadh Bord Gobharnóirí Ghaelcholáiste Dhoire sásta socrú a dhéanamh le múinteoir a ghlacadh ar thréimhse iasachta.

**Múinteoir Lánaimseartha (Ceithre phost)** *Ceapacháin bliana, le féidearthacht go ndéanfaí buan iad.*

D'fháilteodh Gaelcholáiste Dhoire go háirithe roimh iarratasóirí ar féidir leo na hábhair seo a leanas a theagasc: Béarla, Ceol, Ealaín, Eacnamaíocht Bhaile, Eolaíocht, Corpoideachas, Ríomhaireacht, Mata, Drámaíocht, Cúrsaí Leibhéal 2 Garimiúil/Acadúil, agus Teicneolaíocht.

*Critéir riachtanacha:*

- Cáilithe mar mhúinteoir agus cláraithe le Comhairle Ghinearálta Teagaisc Thuaisceart na hÉireann (GTCNI) faoin am a dtosófaí sa phost
- Ardchaighdeán Gaeilge labhartha agus scríofa
- In ann, trí cháilíocht nó trí thaithí chuí, dhá ábhar ar a laghad a theagasc ag Eochairchéim 4

*Critéir inmhianaithe:*

- Ábhar amháin ar a laghad, trí cháilíocht nó trí thaithí chuí, a theagasc ag EC5
- Taithí ag teagasc i scoil tumoideachais
- Taithí ag déanamh soláthair do shainriachtanais oideachais
- Bheith in ann cur le himeachtaí seach-churaclaim na scoile

D'fháilteodh Gaelcholáiste Dhoire roimh iarratais phostroinnte/pháirtaimseartha do na poist mhúinteoireachta thuas fosta.

- Déanfar measúnú ar chumas Gaeilge scríofa agus labhartha an iarrthóra le linn an phróisis earcaíochta.
- Beidh sé de cheart ag an phaineál ceapacháin na critéir inmhianaithe a chur i bhfeidhm nó iad a bhreisiú chun an gearrliostú a éascú.
- Cé gur Conradh bliana atá sna poist thuas, coinníonn Bord Gobharnóirí Ghaelcholáiste Dhoire de cheart acu féin Conradh buan a bhronnadh ar iarratasóir ag brath ar an taithí agus ar na cáilíochtaí atá aige/aici.
- Déanfar múinteoirí a cheapadh bunaithe ar riachtanais ábhair na scoile.
- Tá poist a bhaineann le hobair in institiúidí oideachasúla faoi réir fhorálacha an Ordaithe um Chosaint Páistí agus Daoine Fásta Leochaileacha (TÉ) 2007.

**Is féidir na critéir, foirmeacha iarratais agus tuilleadh eolais a fháil ach teagmháil a dhéanamh le hoifig na scoile: [info@gcd.doire.ni.sch.uk](mailto:info@gcd.doire.ni.sch.uk) nó 028 777 41015**

**Dáta deiridh le haghaidh iarratais: 14:00 Dé Luain 25 Márta 2019**

**NÍ GHLACFAR LE hIARRATAIS MHALLA**